



## Bileog eolais VRE d'othair

### Cad is VRE ann?

Baictéir (frídí) a mhaireann sa phutóg is ea VRE. VRE an giorrúchán ar Eintreacocais atá Frithsheasmhach in aghaidh Vancaimícine, agus ní úsáidfidne ach an t-ainm gearr – VRE – sa bhileog seo.

Tá VRE frithsheasmhach in aghaidh a lán antaibheathach a úsáidtear chun ionfhabhtuithe a chóireáil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn sé níos deacra iad a mharú le hantaibheathaigh ná frídí coitianta eile a mhaireann sa phutóg. Amanna, tugtar 'tarbhfrídí' ar na frídí sin atá seasmhach in aghaidh antaibheathach.

I gcás fhormhór na ndaoine formhór an ama, maireann VRE sa phutóg gan aon ionfhabhtú a dhéanamh. Ach sin ráite, is féidir le VRE ionfhabhtú an-tromchúiseach a dhéanamh i gcuid de na hothair – mar shampla, nuair a bhíonn gá acu le dianchúram nó nuair a bhíonn siad ag fáil ceimiteiripe. Má fhaigheann tú ionfhabhtú VRE, is féidir é a chóireáil le hantaibheathaigh speisialta, mar nach n-oibreoidh na hantaibheathaigh choitianta. Má fhaigheann tú ionfhabhtú tromchúiseach le VRE, caithfeadh na dochtúirí a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir ionas go bhfaighidh tú na hantaibheathaigh chearta láithreach.

### Conas a fhaighim VRE?

Tá VRE i bhfad níos coitianta na mar a bhí 20 bliain ó shin. Mar gheall go bhfuil sé chomh coitianta anois, is iondúil nach mbíonn aon bhealach ann a dhéanamh amach cár tholg tú é. B'fhéidir go raibh VRE i do phutóg le míonna nó le blianta fiú sula raibh tástáil agat a thaispeáin go raibh VRE agat. Sin mar gheall gur féidir leis an VRE maireachtáil i do phutóg ar feadh i bhfad gan aon dochar a dhéanamh.

Cúig bliana ó shin, bhí VRE neamhchoitianta ach amháin i ndaoine a chaith a lán ama san ospidéal. Anois, tá VRE iontach coitianta i ndaoine a chaitheann a lán ama san ospidéal. Is féidir é a fháil freisin i roinnt daoine nár chaith aon am san ospidéal.

### Cad iad na siomptóim de VRE?

Fad a fhanann VRE sa phutóg ní thagann aon tinneas as. Ní tharraingíonn sé buinneach ná pianta boilg. Ach, má theann an VRE isteach sa lamhnán, duan nó fuil, is féidir leis ionfhabhtú a tharraingt. Nuair a tharlaíonn sé sin, is minic go bhfaighidh an duine teocht, pian agus crithfhuacht a airíonn mar a chéile le haon ionfhabhtú eile a bheadh acu. Má bhíonn gá agat le cóireáil, ní oibreoidh a lán de na gnáth-antaibheathaigh. Tabharfaidh do dhochtúir antaibheathaigh speisialta duit chun an t-ionfhabhtú VRE a chóireáil.



## **Cén fhad a bheidh VRE agam?**

Is féidir le VRE maireachtáil i do phutóg ar feadh míonna nó blianta fiú. Mura gcaithfidh tú antaibheathaigh a thógáil ar feadh tamaill fhada, méadóidh tú an seans go rachaidh sé i léig. Má chaitheann tú antaibheathaigh a thógáil go minic, tógfaidh sé níos faide ar VRE glanadh suas.

## **Conas is féidir stop a chur le scaipeadh VRE?**

An bealach is fearr le stop a chur le scaipeadh gach fríde agus víris ná imeall agus suíochán an leithris a choinneáil glan agus na lámha a ghlanadh go maith tar éis dul chuig an leithreas agus sula dtosóidh tú ag ithe.

Má théann tú san ospidéal, tabharfaidh tú faoi deara go mbeidh an fhoireann iontach cúramach a lámha a ní tar éis cóir a chur ort. Amanna, beidh naprúin agus miotóga orthu. Lena chois sin, b'fhéidir go dtabharfaí seomra aonair duit más féidir. Tógtar na céimeanna sin chun cuidiú le laghdú a dhéanamh ar scaipeadh VRE. Má tá a fhios agat go bhfuil tarbhfríd á hiompar agat, tá sé tábhachtach é sin a rá le ball den fhoireann nuair a thagann tú chuig an ospidéal.

## **Cad a tharlaíonn nuair a rachaidh mé abhaile?**

Níl VRE contúirteach do dhaoine a bhfuil an tsláinte réasúnta maith acu. Ní gá duit aon rud a dhéanamh atá difriúil ó aon duine eile agus tú i mbun gnáthchúraimí an tsaoil sa bhaile agus nó amuigh sa phobal. Is féidir éadaí, éadaí leapa agus soithigh a ní mar is gnách. Ach, ar aon dul le gach duine eile, molaimid go mbeadh tú cúramach faoi do lámha a ghlanadh go maith. Ba chóir do gach duine a lámha a ghlanadh sula dtosóidh siad ag ithe nó ag ullmhú bia. Tugann lámha glana cosaint duit féin agus do dhaoine eile ó bheith ag scaipeadh fhormhór na bhfrídí, ní amháin VRE.

Má leanann tú dea-chleachtas sláinteachais i gcónaí, cuideoidh sé chun cosc a chur le scaipeadh baictéar agus víreas. Nuair a bheidh tú ag úsáid an leithris, tá sé iontach tábhachtach go bhfágfa an leithreas glan i do dhiaidh agus sa riocht inar mhaith leat é a fháil.

## **Breis eolais**

Ná bíodh drogall labhairt leis an bhfoireann cúram sláinte atá ag tabhairt aire duit má bhíonn aon cheist agat, nó má theastaíonn breis eolais uait faoi VRE. Tá eolas faoi shláinteachas lámh, rialú ionfhabhtuithe agus bainistiú tarbhfrídí sa bhaile le fáil ar [www.hse.ie/infectioncontrol](http://www.hse.ie/infectioncontrol) nó ar [www.hpsc.ie](http://www.hpsc.ie)

**Tá an t-eolas seo faofa le n-úsáid ag clár náisiúnta um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe an FSS.**

**Foilsithe: Eanáir 2019**